Togha agus Rogha
Gearrscéalta nuascríofa

Séideán Sí

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

Togha agus Rogha
Gearrscéalta nuascríofa

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2009

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009

Athchló 2011

Obair ealaíne © na healaíontóirí

ISBN 978-1-85791-731-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Rae Ní Bhreacáin, Síle Ní Chonghaile, Emer Stone, Éamonn Ó Ruanaí, Patricia Forde agus Ailbhe Nic Ghiolla Bhríde, agus Jacqueline de Brún a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Martin Fagan, Laura Geraghty, Karen Flannery, The Cartoon Saloon, Bernie Prendergast, Aelorae Qahlwyn

PB Print a chlóbhuail in Éirinn.

Le fáil tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

nó

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
info@iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Clár

Gort an Leasa	5
Paráid Lá Fhéile Pádraig	15
Cian Iníon an Rí	23
Turas Scoile	33
Míorúilt na Nollag	45
An Gairdín Álainn	55

Gort an Leasa

Rae Ní Bhreacáin

Martin Fagan a mhaisigh



Fadó, fadó, bhí cónaí ar bhaintreach bhocht i mBaile na Rún. Bhí beirt mhac aici, mar a bhí Oisín agus Diarmaid. Ní raibh de mhaoin an tsaoil acu ach cúpla garraí beag a bhí míle nó dhó ón teach.

Mholadh na daoine Oisín go hard na spéire. Bhíodh Diarmaid bodhraithe ag éisteacht leo. De réir a chéile d'fhás éad i gcroí Dhiarmada agus d'éirigh sé míshona stuacach ann féin. Ní thugadh sé lámh chúnta d'aon duine riamh agus sheachnaíodh sé

comhluadar na ndaoine a oiread is a d'fhéadfadh sé.

Dhéanadh a mháthair iarracht comhairle a chur air. Ach ní éisteadh sé léi. Ní éisteadh sé le haon duine. Faoi dheireadh thug a mháthair Diarmaid go dtí Máire Dhubh an tSléibhe. Bean feasa a bhí i Máire Dhubh a chónaigh léi féin i gcúl an chnoic. Bhí sé de cháil ar Mháire go raibh leigheas aici ar gach aon aicíd a thiocfadh ar cholainn nó ar mheabhair an duine. Ba ar an mbean feasa seo a thrialladh muintir Bhaile na Rún in am an ghá agus an ghátair.

D'amharc Máire Dhubh sa tine agus tháinig scáil ar a súile. Lig sí osna fhada aisti.

'A Dhiarmaid bhig na gcleas,' ar sise leis faoi dheireadh, 'mura n-athraíonn tú béasa beidh aiféala fós ort.'

Ach, faraor géar, bhí Diarmaid chomh ceanndána agus a bhí sé riamh. Ní éistfeadh sé fiú le Máire Dhubh an tSléibhe.

Tráthnóna amháin, tamall ina dhiaidh sin, agus an lá ag dul ó sholas, bhí Oisín ag siúl abhaile. Bhí an lá caite aige ag obair. Cé a d'fheicfeadh sé amach roimhe ach a dheartháir Diarmaid. Bhí Diarmaid ag déanamh ar Ghort an Leasa.

Deirtí go raibh an gort sin faoi gheasa ag na sióga, agus dá rachadh an ghrian faoi agus tú istigh ann, nach bhfeicfeá solas an lae go deo arís. Ach ní raibh spéis ar bith ag Diarmaid i seanscéalta ná i seanchas d'aon sórt. Chinn sé ar shiúl trasna an ghoirt chun go mbainfeadh sé an teach amach roimh Oisín agus go bhfaigheadh sé an chéad bhlaiseadh

de bhia an tráthnóna.

Thug Oisín rabhadh dó agus dúirt leis gan dul isteach sa ghort.

'Má théann an ghrian faoi agus tú i nGort an Leasa ní éalóidh tú as go deo,' ar seisean.

'Nach sásta a bheidh gach aon duine mura n-éalaím!' arsa Diarmaid go grod.

Leis sin léim sé thar an gclaí agus isteach leis sa ghort.

Sheas Oisín tamall ag stánadh isteach sa ghort. Cé go raibh an ghrian imithe faoi bhí Gort an Leasa le feiceáil go soiléir sa chlapsholas. Ach ní raibh Diarmaid le feiceáil in aon chor. An bhféadfadh sé go raibh sé sciobtha cheana féin ag sióga Ghort an Leasa? Thiontaigh Oisín de gheit agus thug sé aghaidh ar theach Mháire Dhubh chomh tiubh géar agus a d'fhéadfadh sé.

Chonacthas do Dhiarmaid go raibh gach rud ina thimpeall mar a bhí i gcónaí. Bhí na ballaí cloiche, na tithe agus na cnoic le feiceáil fós. Ach bhí scáil thaibhsiúil éigin idir é féin agus an claí. Nó an é go raibh mearbhall ag teacht air? Rinne sé iarracht dul suas ar an gclaí. Ach ní raibh sé ábalta. Rith sé timpeall an ghoirt ag cuardach bealach éalaithe. Ach bealach éalaithe

ní raibh le fáil. Lig sé scread as. Ach freagra dá laghad ní bhfuair sé. Bhuail scanradh é. Chaithfeadh sé go raibh sé faoi gheasa, mar sin, é fágtha leis féin agus dorchadas na hoíche ag titim. Bhí sé cinnte dearfa de nach dtiocfadh aon duine i gcabhair air go brách. Agus thuigfeadh sé dóibh. Thosaigh sé ag cailleadh a mhisnigh. Chaith sé faoi ar an bhféar fuar fliuch.

Bhí an ceo ag dúnadh isteach ar Dhiarmaid. Bhí a fhios aige gur cheo draíochta a bhí ann agus go mbeadh sé sciobtha ag an slua sí faoi mhaidin, gan éalú i ndán dó go deo na ndeor. Shuigh sé ansin ag déanamh a mhachnaimh. Smaoinigh sé ar an tsáinn ina raibh sé. Smaoinigh sé ar a shaol go dtí sin. Smaoinigh sé ar a mháthair agus ar a dheartháir. Den chéad uair riamh mhothaigh sé

aithreachas ina chroí istigh. D'fhan sé go foighneach ansin sa dorchadas go sciobfadh ceo draíochta an tslua sí é.

Tríd an gceo, chonaic sé solas beag buí. Ansin bhí dhá sholas ann, trí cinn, ceithre cinn …. Thosaigh sé ag crith le heagla. Bhí sé cinnte dearfa de nárbh fhada uaidh an slua sí anois.

Níorbh iad an slua sí a bhí ag teacht faoina dhéin, áfach, ach muintir an bhaile! Bhí siad ag siúl i dtreo an ghoirt, ina nduine agus ina nduine, agus bhí Máire Dhubh agus Oisín ar cheann an tslua. Bhí píce ag gach aon duine acu agus fód móna lasta ar iompar acu. Léim croí Dhiarmada.

Lean siad orthu ag siúl go dtí go raibh an gort timpeallaithe acu, iad mar a bheadh balla cosanta ann. Leis na tóirsí go léir ag lonradh bhí sé chomh geal le lár an lae ghil istigh sa

ghort. Diaidh ar ndiaidh scaip an ceo draíochta. Thuig Diarmaid go raibh sé slán, go raibh an gheis briste. Nuair a leag sé cos taobh amuigh de Ghort an Leasa bhí na daoine ábalta é a fheiceáil. Lig siad liú áthais astu.

Duine macánta croíúil a bhí i nDiarmaid ón lá sin amach. Agus, maidir le Gort an Leasa, níor chualathas gur leag aon duine cos sa ghort céanna ón lá sin go dtí an lá atá inniu ann.

Paráid Lá Fhéile Pádraig

Síle Ní Chonghaile

Laura Geraghty a mhaisigh



Bhí a dhá lámh sa doirteal ag Deaide agus é ag sciúradh leis. Bhí an dinnéar ite ag gach uile dhuine agus na páistí bailithe leo amach ag déanamh spraoi. Bhí Mamaí fós ag an mbord, ag léamh an pháipéir ar a suaimhneas. Thóg Deaide a shúile de na soithí agus bhreathnaigh sé amach an fhuinneog.

'Ach meas tú cén sórt pramsáil thart atá ag Pól?' a dúirt sé le Mamaí.

D'éirigh Mamaí ón mbord go bhfeicfeadh sí di féin. Bhí Pól ag máirseáil, cheapfá, ach bhí gach aon léim aige freisin. Bhí a dhá lámh sínte amach chun tosaigh aige agus é ag déanamh geáitsí aisteacha leo. Bhí a fhios ag Mamaí láithreach céard a bhí ar bun aige.

'Ó,' a deir sí le Deaide, 'tá sé ag cleachtadh don pharáid. Beidh sé ag casadh an druma mhóir le banna ceoil na scoile.'

'Á, b'in é é!' arsa Deaide.

Thuig sé cuid de na geáitsí anois. D'fhan sé ag breathnú ar Phól ag máirseáil suas síos an garraí. Ach ní raibh sé i bhfad gur iompaigh sé ar Mhamaí arís.

'Tá amhras beag fós orm faoin máirseáil sin,' a dúirt sé.

Thriomaigh Deaide a lámha agus

sal
azúcar
café
té

amach leis.

‘Inis dom faoin bparáid seo,’ arsa Deaide le Pól nuair a bhí an bheirt acu ar ais sa chistin.

Níor fhreagair Pól Deaide beag ná mór. Ní raibh giúmar maith air ar chor ar bith. Ach choinnigh Deaide air á cheistiú.

‘Cén fáth a bhfuil tú ag déanamh léim bheag tar éis gach uile thrí nó cheithre choiscéim?’ ar seisean.

Phléasc Pól amach leis.

‘Mar níl aon rogha agam!’

Chrom sé a cheann ansin, bhrúigh sé a smig ar a ucht agus bhreathnaigh sé síos ar an urlár. D’fhill Mamaí an páipéar go deas réidh.

‘Coinnigh ort, a mhic,’ a dúirt Deaide. ‘Mínigh an scéal dúinn, maith an buachaill.’

Ba ansin a chuir Pól an racht uaidh.

‘Níl neart agamsa air más agamsa atá na cosa is giorra sa rang. Níl neart agamsa air má d’iarr an múinteoir orm an druma millteach mór sin a bhualadh. Agus … agus … níl neart agamsa air má bhím ag rith is ag léim ar nós frog ag iarraidh coinneáil suas le gach uile dhuine eile sa pharáid!’

Nuair a bhí an méid sin curtha de aige rith sé an doras amach.

‘Muise, an créatúr,’ arsa Deaide. ‘Céard a dhéanfas muid?’

Chuimhnigh Mamaí uirthi féin tamaillín.

‘Gabhfaimid chun cainte leis an Máistreás Méabh amárach agus gheobhaimid réiteach éigin ar an scéal. Ach, idir an dá linn, céard faoi dá dtiocfadh Mamó ar cuairt? Thabharfadh sé sin ardú croí dó.’

D’aontaigh Deaide gur phlean maith

a bhí ansin. Amach leis chuig an bhfón chun cuireadh a thabhairt do Mhamó a theacht le haghaidh tae.

Chaith siad an tráthnóna ag éisteacht le scéalta barrúla Mhamó. Dá bharr sin uile ní raibh an oiread céanna imní ar Phól faoin bparáid agus é ag dul a chodladh. Bhí a fhios aige go rachadh Mamaí agus Deaide chun cainte leis an Máistreás Méabh an lá dár gcionn. Chuimhneoidís siúd ar rud éigin. Bhí Mamaí, Deaide agus an Mháistreás Méabh go maith ag cuimhneamh ar phleananna.

Cian Iníon an Rí

Emer Stone

Karen Flannery a mhaisigh

Leagan Ultach



Bhí rí ina chónaí i dTeamhair lena bhean agus lena iníon, Róisín. Bhí saibhreas an tsaoil acu. Níor ghá dóibh aon obair a dhéanamh. Bhíodh siad dea-ghléasta i gcónaí. Bhí togha gach bia agus rogha gach dí acu.

Bhí baile beag bocht taobh amuigh den dún. Na daoine a bhí ina gcónaí ansin ní raibh ach ón lámh go dtí an béal acu. D'fhéach an rí agus an bhanríon chuige nach bhfeicfeadh Róisín páistí bochta an bhaile in am ar bith.

Bhíodh an rí lena chuid laochra gach uile lá, ag seilg agus ag fiach agus ag imirt. Bhíodh an bhanríon leis na banfhlatha gach uile lá, ag sníomh agus ag airneán agus ag ceol. Bhí uaigneas ar Róisín.

Bhí Róisín ina girseach ghleoite ghnaíúil. De bhrí go raibh saibhreas an tsaoil ag an rí agus ag an bhanríon níor fhág siad easpa ná díth uirthi. Fuair siad bréagáin ón Bhreatain di. Fuair siad capaill ó Chonamara di. Fuair siad spíosraí ón Spáinn di. Bhí bean choimhdeachta ag tabhairt aire di. Bhí ollamh ag cur oideachais uirthi. Agus bhí an lia ab oilte sa tír ar fáil i gcónaí sa dún ar eagla go mbeadh sí tinn.

Ba mhór, mar sin, imní an rí agus na banríona nuair a bhraith siad nach raibh Róisín sona. Leoga, bhí cian

uirthi. Ní raibh tuairim na ngrást ag an bhanríon ná ag an rí cad é a bhí ag cur as di.

Bhí an bhanríon ag cailleadh foighne.

'Nach bhfuil tú in ann aon rud a dhéanamh?' a dúirt sí go borb lena fear céile. Ach ní raibh aon réiteach ag an rí ar an scéal. Ghlaoigh sé ar an lia. Ghlaoigh sé ar an ollamh. Agus ghlaoigh sé ar an bhean choimhdeachta. Ach ní raibh aon duine acusan in ann aon rud a dhéanamh di ach oiread.

Bhí an rí i ndeireadh na preibe. Ar éigean má bhí an bhanríon ag caint leis a thuilleadh agus ní raibh biseach ar bith ag teacht ar Róisín. Ní raibh an dara rogha aige ach fógra a chur amach:

'Tabharfaidh mé ór agus airgead d'aon duine atá in ann m'iníon a leigheas.'

Tháinig daoine go Teamhair ó gach cearn den tír. Thug siad bronntanais chuici. D'inis siad scéalta di. Chan siad amhráin di. Agus thriail siad mórán rudaí eile. Ach saothar in aisce a bhí ann.

D'imigh na míonna isteach. Tháinig Oíche Shamhna – oíche na draíochta, oíche na sí. Oíche gharbh ghaofar a bhí ann. De ghnáth bhíodh fleá agus féasta ag an rí agus ag an bhanríon le huaisle na tíre leis an tSamhain a cheiliúradh. Ach ní raibh aon cheiliúradh i dTeamhair an tSamhain sin.

Go domhain san oíche chuala an rí scread. D'éirigh sé de phreab agus rith sé go dtí leaba Róisín. Bhí Róisín ina suí ar a leaba agus í ag bogchaoineadh.

'Ó, a athair,' a dúirt sí, 'bhí drochbhrionglóid agam.'

Thosaigh sí gur inis sí dó mar a d'fhuadaigh an slua sí í ina brionglóid cionn is nach ndearnadh ceiliúradh mar ba cheart Oíche Shamhna.

Shocraigh Róisín chun suain arís faoi dheireadh agus d'fhill an rí ar a leaba féin. Ach codladh ní dhearna sé, ach é ag smaoineamh ar an méid a dúirt Róisín. Bhí sé ar tí titim ina chodladh nuair a thug an bhanríon sonc dó.

'Éirigh go pras,' a dúirt sí. 'Tá duine ag an doras! Téanam ort!'

Chuaigh siad beirt go dtí an doras.

Cé a bheadh ina seasamh rompu ansin ach muintir an bhaile. Bhí siad cosnochta, iad ar crith leis an fhuacht. Bhí alltacht ar an bhanríon.

'Cén driopás seo atá ort, a fhir?' a dúirt sí leis an rí. 'Cuir an ruaig ar an scroblach seo!'

Sula raibh deis ag an rí í a fhreagairt, labhair buachaill óg.

'A rí!'

Rinneadh staic den bhanríon. Buachaill bocht mar sin ag labhairt leis an rí! Ach baineadh an anáil ar fad di nuair a thug an rí cead don bhuachaill leanúint ar aghaidh.

'A rí, mura mbíonn fleá sa dún Oíche Shamhna beidh fearg ar an slua sí. Caithfear an tSamhain a cheiliúradh.'

'Ach, a smugachán,' arsa an bhanríon, 'níl laoch, banfhlaith ná file faoi fhad scairte den dún. Ní féidir linn fleá a thionól!'

'A chéile, a chroí,' arsa an rí, 'tá a fhios agam cad é a dhéanfaidh muid. Rud nach ndearna muid riamh. Ní bhacfaidh muid le laoch, banfhlaith ná file. Déanfaidh muid an tSamhain

a cheiliúradh le muintir an bhaile!'

Ba léir don bhanríon nárbh fhiú di dul in éadan an rí an iarraidh seo. Lig an scata liú áthais astu. Níorbh fhada go raibh togha gach bia agus rogha gach dí ar bord. Bhí scléip agus ceol ag cách i bhfochair a chéile go maidin.

Nuair a mhúscail an bhanríon ar maidin chuala sí rud nach raibh cloiste aici le fada an lá – gáire gliondrach Róisín.

'Éirigh!' a dúirt sí leis an rí. 'Éirigh go beo!'

Chonaic an rí agus an bhanríon Róisín ag spraoi ar fhaiche an dúin le páistí an bhaile. Bhí sí gealgháireach éadromchroíoch. Bhí lúcháir an domhain ar an bhanríon agus ar an rí.

Turas Scoile

Éamonn Ó Ruanaí

The Cartoon Saloon a mhaisigh

Lá breá samhraidh. Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir, bhí na héin ag canadh ar na sceacha, bhí na beacha ag crónán agus iad ag bailiú meala, bhí na coiníní beaga ag damhsa agus ag spraoi sna páirceanna.

BHÍ, MUISE!!!

Bhí sé ag stealladh báistí, bhí gála gaoithe ag séideadh agus ní fhágfadh ach amadán an baile a leithéid de lá! Bhí geansaithe, hataí agus cótaí móra ar gach duine. Geansaí 'álainn' flannbhuí agus pictiúr d'fhear sneachta air a bhí an Máistir a chaitheamh agus bhí hata glas cluthar ar a cheann. Is maith an rud é nach raibh cead ag na naíonáin teacht ar an turas, nó bheadh eagla an domhain ar na créatúir roimhe!

Ar chúl an bhus a bhí Colm ina shuí, an áit a shuíodh sé i gcónaí nuair



a théadh sé ar thuras leis na gasóga. Ach ní ar thuras leis na gasóga a bhí sé inniu, áfach, ach ar thuras scoile. Ruaigeadh as na gasóga é toisc gur cheangail sé Pól Ó Sé de chrann darach nuair a bhí siad in ainm is a bheith ag cur suas pubaill. Níor tugadh aon éisteacht do Cholm nuair a mhínigh sé gur ag cleachtadh a chuid snaidhmeanna a bhí sé. D'fhág sé Pól bocht ceangailte ar feadh trí huaire an chloig. Ní nach ionadh, níorbh fhada ina dhiaidh sin gur bhog muintir Shé go dtí baile nua.

Ach bhí rud amháin a d'fhoghlaim Colm agus é sna gasóga: 'bí ullamh!' Agus nach eisean a bhíodh ullamh i gcónaí! Ullamh don éirí in airde agus don phleidhcíocht: tacóidí ordóige ar shuíocháin, bandaí leaisteacha a scaoileadh tríd an aer, damháin alla i mboscaí lóin, lucha rubair i dtarraiceán an mhúinteora.

Bhí an-spórt ag Colm i gcúl an bhus. Níor tháinig buachaill ná cailín slán óna chuid maistíneachta. Go deimhin, bhí cúl an bhus ina chíréib aige. Faoi dheireadh cuireadh ina shuí é ag barr an bhus taobh leis an Máistir. Shuigh sé agus strainc air, an t-amadán d'fhear sneachta ar gheansaí an Mháistir ag cur cancair air.

Shroich siad ceann scríbe ar a deich a chlog, díreach. Lig na páistí liú áthais astu mar bhí siad bréan

bailithe d'amhráin an mhúinteoir Mháire faoi seo. Ionad spraoi agus spóirt a bhí ann – peil, bádóireacht, cispheil, dreapadóireacht, sleamhnán láibe, tóraíocht taisce agus go leor eile. Roinneadh ina ngrúpaí iad, Colm i ngrúpa an Mháistir, ar chúis éigin, agus isteach leo. Bhí an-lá acu, ag imirt is ag spraoi i gcomhluadar a chéile.

Ba í an tóraíocht taisce buaicphointe an lae. B'éigean do gach duine páirtí a roghnú.

'A Choilm! Beidh tusa agus Bouli le chéile arís,' arsa an Máistir.

Lig Colm air féin nár thuig sé gurb é Bouli, an fear sneachta, a bhí i gceist aige, ach ní raibh aon dul as.

'Nach bhfuil tú ag éisteacht, a Choilm!' arsa an Máistir. 'Caithfidh tú fanacht i m'fhochairse.'

Lean Colm an Máistir go tromchroíoch, tromchosach. Bhí an Máistir féin ar bís, dar ndóigh, ag brostú ar aghaidh, an léarscáil ina lámh, é ag féachaint i ngach treo mar a bheadh sealgaire ann.

Bhí an tríú leid faighte acu nuair a thosaigh an screadach. Amadán éigin ó Rang a Trí a bhí ann. Nóinín a bhain tuisle as, ba chosúil. Ní raibh ach scríob bheag bhídeach ar a ghlúin, ach rinne sé olagón cráite mar a bheadh bean sí ann nuair a chonaic sé an deoir fola. Bhí an Máistir chomh gnóthach sin leis an naíonán seo nach bhfaca sé Colm ag cúlú, ag cúlú uaidh go deas réidh, céim ar chéim, nó gur shroich sé crann mór ard géagach. Suas leis go haclaí, ag dreapadh leis gan stró – scil eile a d'fhoghlaim sé sna gasóga, dar ndóigh. Lean sé air

go dtí go raibh sé i bhfolach i measc na nduilleog. Shocraigh sé é féin go compordach ar chraobh agus é ag súil le spórt is spraoi.

Díreach ansin a thug an Máistir faoi deara den chéad uair go raibh Colm ar iarraidh. D'fhéach sé soir, d'fhéach sé siar, d'fhéach sé soir arís. Ghlaoigh sé ar Cholm. Ghlaoigh sé arís air. Ghlaoigh sé in ard a chinn is a ghutha.

B'fhada ó bhí a leithéid de spraoi ag Colm. Bhí an oiread sin fonn gáire air go raibh sé i riocht pléascadh. Bhí sé ag baint an méid sin taitnimh as cruachás an Mháistir go ndearna sé dearmad glan gur thuas i gcrann a bhí sé. Níor bhraith sé an ghéag ag lúbadh faoina mheáchan. Ach, ansin, chuala sé gíoscán.

Bhí sé ag titim, a lámha sínte amach

uaidh agus é ag iarraidh breith ar … aer. Spéir, talamh, spéir, talamh, gorm, glas, gorm, glas. Bhí a bholg trína chéile agus bhí mearbhall ina cheann. Mhothaigh sé an t-aer ag séideadh a chuid gruaige agus a chuid éadaí. Níor scread sé. Níorbh fhiú dó. Bhí a fhios aige go rímhaith nach raibh i ndán dó ach an bás agus gur bás fuilteach tapa a bheadh ann. Le cúnamh Dé bheadh sé tapa.

Chuala sé feadaíl ina chluasa. Na héin? An t-aer? A chuid fola féin? Ach ba dheacair dó greim a fháil ar aon smaoineamh fónta. Há! Níorbh fhiú a bheith ag smaoineamh anois, dar ndóigh. Níorbh fhiú faic na smaointe céanna. Bhí an t-aer ag tarraingt ar mhuinchillí a gheansaí. Dá mbeadh cóta féin air bheadh sé ina pharaisiút agus chuirfeadh sé moill éigin ar an

titim. Bheadh seans éigin aige dá mbeadh paiste móintigh nó lochán uisce nó sceach faoi, go fiú. Ach ní raibh faoin gcrann ach talamh chrua chlochach …

Dhúisigh sé san otharcharr. Bhí a cheann á scoilteadh ag scréachach an bhonnáin. Chuala sé glór an Mháistir a bhí ina shuí taobh leis.

'Ná corraigh, a Choilm. Tá caol do láimhe briste. Ní bheidh tú in ann faic a scríobh go ceann sé seachtaine.'

Leath meangadh mór ar aghaidh Choilm in ainneoin na péine.

'Ní bheidh mé in ann scríobh! Ní bheidh mé in ann aon obair scoile ná obair bhaile a dhéanamh go ceann sé seachtaine!'

'*By dad*,' arsa an Máistir, 'nach maith an rud é go bhfuil saoire an tsamhraidh ag tosú amárach.'

Míorúilt na Nollag

Patricia Forde agus
Ailbhe Nic Ghiolla Bhríde

Bernie Prendergast a mhaisigh

Ar a mbealach abhaile a bhí siad nuair a chonaic siad den chéad uair é ina sheasamh go truamhéalach i bhfuacht an tráthnóna – asal beag donn.

'A Chathail! Gabh i leith anseo go bhfeicfidh tú!'

Róise a chonaic ar dtús é.

'Céard é anois?' arsa Cathal agus cantal air. 'Tá deifir abhaile ormsa!'

'Breathnaigh air,' arsa Róise.

Chonaic siad go raibh sé cróilí tanaí agus go raibh an chuma air nár tugadh aon aire dó.

‘Ó, an créatúirín bocht!’ arsa Cathal.

Ní dúirt Róise rud ar bith. Chuir sí a lámh amach. Tharraing an t-asal siar.

‘Ní thrustann sé muid,’ arsa Róise.

‘Níl iontas ar bith orm,’ arsa a cara.

‘Caithfidh mé é a thabhairt abhaile,’ arsa Róise.

‘An as do mheabhair atá tú!’ arsa Cathal. ‘Ní ligfeadh do mháthair duit é a choinneáil!’

‘Ach ní fhéadfaidh muid é a fhágáil anseo!’ arsa Róise agus ghlaoigh sí ar a máthair.

‘Ó, a thiarcais!’ arsa máthair Róise nuair a tháinig sí a fhad leo. ‘An créatúirín bocht. Caithfidh muid fios a chur ar an tréidlia dó. Tabhair cúnamh dom, a pháistí, agus tabharfaidh muid abhaile é.’

Bhí mearbhall ar Chathal.

‘Cá gcuirfidh sibh é?’ ar seisean.

‘Beidh a dhóthain fairsinge sa gharáiste aige má thugaim an carr amach,’ arsa máthair Róisín.

‘Bhuel,’ arsa Cathal, ‘b’fhearr domsa slám tuí a fháil daoibh i scioból Mhicil Sheáinín.’

Ní raibh siad i bhfad ag fanacht leis an tréidlia. Bhí an-iontas air siúd nuair a chonaic sé an t-asailín ina luí faoi bhlaincéad ar urlár an gharáiste. Scrúdaigh sé an t-asal. Nuair a bhí sé réidh chroith sé a cheann.

‘Tá muid ródheireanach. Is dóigh nach sracfaidh sé an oíche. Tá an chuma air go bhfuair sé drochíde.’

‘Caithfidh go bhfuil rud éigin a d’fhéadfadh muid a dhéanamh dó,’ arsa Róise agus na deora léi.

Lig an tréidlia osna as.

‘Coinnigh uisce leis agus féar. Sin an méid.’

D'fhan Róise sa gharáiste leis an asal nuair a bhí an tréidlia imithe. Chuimil sí go cineálta é agus labhair sí leis de ghlór deas séimh. Thug sí uisce dó le hól agus féar tirim le hithe. Ar deireadh thit an t-asal ina chodladh.

Sheas Róise ag giall an dorais. Oíche spéirghealaí a bhí ann. Bhí sioc crua ar an talamh agus bhí soilse na Nollag le feiceáil sna tithe máguaird. Níor theastaigh ó Róise dul isteach abhaile fós.

Tar éis tamaill tháinig máthair Róise. D'fhógair sí ar Róise deifir a dhéanamh nó bheidís deireanach d'Aifreann an Mheán Oíche. D'fhág Róise slán ag an asal ach níor chorraigh sé.

Bhí ceol binn na Nollag sa séipéal:

Oíche chiúin,

Oíche mhic Dé …

Bhí coinnle ar lasadh agus boladh túise san aer.

Nuair a bhí an tAifreann thart chuaigh Róise agus a máthair suas chun an mainséar a fheiceáil. Bhí Cathal agus a mhuintir ansin rompu. É féin agus a athair a chuir le chéile é.

'Rinne tú féin agus d'athair an-jab den mhainséar,' arsa máthair Róise leis de chogar.

Bhreathnaigh Róise na dealbha, go háirithe an t-asal beag donn a bhí ag faire go gnaíúil ar Íosagán. Chuimhnigh sí ar an asailín bocht a bhí ar an dé deiridh sa gharáiste ag baile.

'Ar chuimhnigh tú ar phaidir a rá don asailín seo againne?' arsa Róise le Cathal.

'Cén chaoi a bhfuil sé ar aon chaoi?' arsa Cathal.

Ach freagra ní bhfuair sé mar gur tháinig sprocht ar Róise. Thuig Cathal as sin nárbh aon dea-scéala a bhí aici.

Shiúil muintir Róise agus muintir Chathail abhaile i gcomhluadar a chéile. Ní raibh focal as Róise i gcaitheamh an achair. Ní raibh aon súil aici go mbeadh an t-asailín beo nuair a shroichfeadh sí an baile.

'Seo,' arsa athair Róise le muintir Chathail, 'beidh deoch na Nollag agaibh linn.'

Thug na daoine fásta aghaidh ar chistin theolaí an tí agus chuaigh Róise agus Cathal díreach go dtí an garáiste. Sheas siad taobh amuigh den doras. Bhreathnaigh siad ar a chéile ar feadh meandair. D'oscail Róise an doras go drogallach. Isteach léi agus Cathal sna sála aici. Ní raibh siad in ann aon cheo a fheiceáil ar dtús. Shín

Róise a lámh amach sa dorchadas agus tháinig sí ar an lasc. Nuair a scairt an solas baineadh an anáil de Róise agus de Chathal. Os a gcomhair amach céard a chonaic siad …



… ach an t-asailín ina sheasamh
rompu beo beathach i lár an urláir!

An Gairdín Álainn

Jacqueline de Brún

Aelorae Qahlwyn a mhaisigh

Leagan Ultach

Bhí mé te teolaí i mo luí i mo leaba bheag chluthar. Bhí an teach ciúin anois ó bhí an tórramh thart. Bhreathnaigh mé uair amháin eile ar an uaireadóir a bhí ar an tábla in aice na fuinneoige, uaireadóir a d'fhág mo mháthair mhór agam. Uaireadóir a thug a máthair féin di nuair a bhí sise ina girseach óg cosúil liomsa.



Tharraing mé an phluid timpeall orm agus mé ag éisteacht leis na roiseanna móra gaoithe taobh amuigh. Oíche fhuar gheimhridh a bhí ann agus é ag cur de dhíon is de dheora. Lá fuar feannta a bhí ann níos luaithe nuair a cuireadh mo mháthair mhór i Reilig na Cathrach. Dhruid mé mo shúile agus chuir mé paidir lena hanam.

Go tobann chuala mé cloigín ag bualadh. D'oscail mé mo shúile de gheit. Ansin a thuig mé, cad é eile a bheadh ann ach aláram an uaireadóra! D'éirigh mé as an leaba. Shiúil mé go dtí an tábla agus thóg mé uaireadóir mo Mhóraí. Chuir mé as an t-aláram. Bhí an cuirtín leathoscailte. Bhí mé ar tí é a dhruidim nuair a baineadh an anáil díom. A leithéid de radharc! Oíche chiúin shocair a bhí anois ann, gairdín álainn taibhsiúil le feiceáil

thíos fúm faoi sholas na gealaí, gairdín ina raibh plandaí agus bláthanna nach bhfaca mé riamh roimhe seo. Agus ina shuí go státúil ar ghéag chrainn bhí an t-éan ba mhaorga dá bhfaca tú riamh, solas na gealaí ag lonrú ar a chleití slíoctha.

Arbh é seo an gairdín a mbíodh mo Mhóraí ag trácht air, an gairdín a chonaic a máthair siúd tá céad bliain ó shin, nuair nach raibh sí ach dhá bhliain déag d'aois?

Rug mé ar an uaireadóir agus d'imigh mé liom, síos an staighre chomh ciúin réidh is a tháinig liom agus amach an doras. Bhí sé mar a bheadh lá geal ann taobh amuigh, gairdín álainn amach romham agus boladh cumhra na mbláthanna ar an aer. Thosaigh mé ag siúl síos an cosán agus aoibhneas ar mo chroí. Sheas mé

ag ceapóg de bhláthanna deasa corcra, bláthanna nach bhfaca mé riamh roimhe sin. Bhreathnaigh mé timpeall. Beagnach i ngan fhios shín mé mo lámh amach.

Bhí mé ag baint lán mo shúl as an bhláth nuair a chuala mé an t-aláram arís. Sheas mé ar feadh soicind agus mé idir dhá chomhairle. Bhreathnaigh mé ar an ghairdín aoibhinn timpeall orm uair amháin eile. Thiontaigh mé ar mo sháil agus rith mé suas an cosán ar ais i dtreo an tí.

Nuair a mhúscail mé ar maidin ní raibh tásc ná tuairisc ar an ghairdín álainn a chonaic mé faoi sholas na gealaí. Go dtí an lá atá inniu ann níor inis mé do dhuine ar bith beo faoi.

Ach tá bláth álainn corcra agam go fóill, bláth nach bhfaca mé a leithéid riamh ó shin.



Togha agus rogha de scéalta taitneamhacha!

ISBN 978-1-85791-731-4

An Gúm